Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Bonnleibhéal 2 (A2)

Scrúdú samplach 1

Cluastuiscint, Léamhthuiscint, Scríbhneoireacht

1. Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

2. Tá an Scrúdú Cluastuisceana (25%), an Scrúdú Léamhthuisceana (25%) agus an Scrúdú Scríbhneoireachta (15%) sa leabhrán seo. Baineann an 35% eile leis an Scrúdú Cainte.

3. Freagair gach ceist.

4. Mairfidh an Scrúdú Cluastuisceana timpeall 25 nóiméad. Beidh 5 nóiméad agat leis an Scrúdú Cluastuisceana a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.

5. Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta uair go leith ar fad.

Don oifig amháin

Cluastuiscint

1 ☐
2 ☐
3 ☐
4 ☐

Léamhthuiscint

1 ☐
2 ☐
3 ☐
4 ☐
5 ☐

Scríbhneoireacht

1 ☐
2 ☐
3 ☐

Cluastuiscint

25% den scrúdú: (45 marc)

Tá 5 nóiméad agat leis an pháipéar a léamh sula dtosóidh an taifeadadh. Tá ceithre cheist ar fad sa pháirt seo. Cloisfidh tú gach téacs faoi dhó. Freagair na ceisteanna i nGaeilge.

1

Éist leis na trí fhógra agus freagair na ceisteanna thíos. ☐ /12 marc

Fógra 1

1. Cad a bheidh ar siúl ag na daoine a rachaidh go Srí Lanca?

   A. Beidh siad ar laethanta saoire. ☐
   B. Beidh siad ag múineadh. ☐
   C. Beidh siad ag cabhrú le daoine ansin. ☐
   D. Beidh siad ag foghlaim na teanga. ☐

2. Cén uimhir ghutháin a luaitear? 091 26 _ _ _ _

Fógra 2

1. Beidh an duine ag obair _____

   A. roinnt uaireanta ag an deireadh seachtaine. ☐
   B. roinnt uaireanta gach seachtain. ☐
   C. dhá lá sa tseachtain. ☐
   D. trí lá sa tseachtain. ☐

2. Cén seoladh atá ag *Gaelcentre*? _____Gaillimh

Fógra 3

1. Cén uair a bheidh an grúpa ag teacht le chéile?

   A. An chéad Mháirt de gach mí ag 6.00 i.n. ☐
   B. An dara Máirt de gach mí ag 6.00 i.n. ☐
   C. An chéad Mháirt de gach mí ag 7.00 i.n. ☐
   D. An dara Máirt de gach mí ag 7.00 i.n. ☐

2. Cé mhéad a chosnaíonn sé le bheith i do bhall? _____

2

Éist leis na trí chomhrá agus freagair na ceisteanna thíos.

/12 marc

Comhrá 1

1. Cén post atá ag Máire faoi láthair? _____
2. Cad a bhí ar siúl aici i bPáras? _____

Comhrá 2

1. Bhí Síle déanach. Cén fáth? _____
2. Cad é a deir Síle faoin iasc? _____

Comhrá 3

1. Cén áit a bhfuil Bríd agus Aodán? _____
2. Cad a deirtear faoin mhála dubh? _____

3 *Tá Linda ag pleanáil deireadh seachtaine in óstán. Éist leis an chomhrá idir í féin agus an fáilteoir. Tá Linda ag glacadh nótaí. Líon isteach na bearnaí eolais thíos.*

/ 9 marc

An deireadh seachtaine in Óstán na Páirce

1. Cén dáta a mbeidh Linda ag dul chun an óstáin? _____

2. Cé mhéad a chosnaíonn na rudaí seo a leanas?

Seomra singil	***Seomra dúbailte***	***Bricfeasta***
€	€	€

3. Áiseanna sa cheantar (a) _____

   (b) _____

4. **Caisleán Uí Mhurchú**

   - Tógfaidh an turas go dtí an caisleán: _____ nóiméad
   - Uaireanta oscailte Dé Sathairn/Dé Domhnaigh: _____ go dtí _____

4

Tá Rita agus Seán ag comhrá. Éist leis an chomhrá. Ansin léigh na ráitis agus cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

☐ /12 marc

1. Tá post lánaimseartha ag Rita.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

2. Tá Rita pósta.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

3. Tosaíonn Rita ag obair go luath ar maidin.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

4. Ní dhéanann Rita aon obair riamh don raidió.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

5. Is ag obair mar aisteoir san amharclann a bhíonn Seán de ghnáth.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

6. Faigheann Seán tuarastal maith mar aisteoir.

   A. Fíor ☐ *B. Bréagach* ☐ *C. Ní deirtear* ☐

Léamhthuiscint

25% den scrúdú iomlán: (60 marc)

1

Críochnaigh an comhrá idir Síle agus Pól. Cuir an litir cheart (A-I) isteach i ngach bearna thíos chun an comhrá a chríochnú.

/12 marc

Síle: Cén tslí bheatha atá agat, a Phóil?

Pól: 1 (……..)

Síle: Agus an dtaitníonn an obair leat?

Pól: 2 (……..)

Síle: Cad faoi na daoine eile atá ag obair leat?

Pól: 3 (…….)

Síle: An bhfuil tú sásta leis an phá?

Pól: 4 (……..)

Síle: Cá bhfuil tú ag obair faoi láthair?

Pól: 5 (……..)

Síle: Agus cén fhad atá tú ag obair ansin?

Pól: 6 (……..)

A. Bíonn sé an-chairdiúil i gcónaí.

B. Is breá liom iad. Bíonn an-spórt againn uaireanta.

C. Tá, agus bíonn sé seachtaine laethanta saoire agam gach bliain.

D. Banaltra atá ann.

E. Tá post buan agam san ospidéal i lár na cathrach.

F. Timpeall dhá bhliain ó shin.

G. Tá sé ceart go leor ach tá strus ag baint leis.

H. Is dochtúir mé.

I. Trí bliana nó mar sin.

2

Críochnaigh na comhráite seo a leanas.
Cuir tic le A, B nó C i ngach cás.

☐ /12 marc

1. An bhfuil tiomáint agat?

A Is féidir. Tá mé measartha maith. ☐
B Tá. Tá ceadúnas agam le dhá mhí anois. ☐
C Bíonn an trácht róthrom. ☐

2. An duine aclaí é?

A Tá sé ag teacht chuige féin. ☐
B Ní hea. Ghortaigh sé a dhroim. ☐
C Is ea. Bíonn sé ag siúl gach lá. ☐

3. An bhfuil an aimsir go deas?

A Tá sé luath ar maidin. ☐
B Tá sé an-deacair. ☐
C Tá sé fuar agus fliuch. ☐

4. Ar bhuail tú le Caitríona cheana?

A Is ea. Tá sí fiche bliain d'aois. ☐
B Caithfidh mé imeacht. Tá orm éirí luath. ☐
C Bhuail. Nach rabhamar ar scoil le chéile? ☐

5. Nach maith leat feoil?

A Is fearr liom iasc de ghnáth. ☐
B Beidh an sailéad agam. ☐
C Bíonn sé róspíosrach domsa. ☐

6. Cad é ba mhaith leat a dhéanamh?

A Tá mé ag dul go Gaillimh. Cén fáth? ☐
B Tá brón orm ach tá mé gafa. ☐
C Céard faoi scannán, b'fhéidir? ☐

3 *Léigh an t-eolas faoi na trí chlár thíos. Ansin, léigh na ráitis agus cuir tic le A, B, nó C i ngach cás.* ☐ / 12 marc

Cláracha Nua ar TG4 an Samhradh seo.
Cúpla Focal (Gach Luan 8.30 pm) Clár nua do dhaoine ar mhaith leo rud beag Gaeilge a fhoghlaim, chun cabhrú leis na páistí ar scoil, nó chun a úsáid ina gcuid oibre nó mar chaitheamh aimsire dóibh féin. Casfaimid le daoine nach bhfuil mórán Gaeilge ar chor ar bith acu: Garda as Dún Dealgan, oibrí oifige as Luimneach agus Spáinneach óg atá ag déanamh staidéir in ollscoil na Gaillimhe! Feicfimid conas a éiríonn leo. *Punt sa Sparán* (Dé Céadaoin 8.30 pm) An mbíonn tusa cúramach go leor le do chuid airgid? An mbíonn a fhios agat cá mhéad a chosnaíonn rudaí sna siopaí? An íocann tú do chuid billí in am? Sna ceithre seachtaine amach romhainn, inseoidh Sorcha Ní Laoire duit conas cúrsaí airgid a bhainistiú. Déanfaidh sí gach rud a mhíniú i nGaeilge shimplí. Is bainisteoir le Banc na hÉireann í Sorcha agus tá leabhar nótaí a scríobh sí le fáil ó TG4. Má tá imní ort faoi rud ar bith a bhaineann le cúrsaí airgid (pinsean, billí nó eile) cuir glaoch ar 'Punt sa Sparán' 091 387666. *Ar an Stáitse* (Gach Máirt 9.00 pm agus arís Dé Sathairn 5.00 pm) Ar mhaith leat bheith i d'aisteoir agus a bheith le feiceáil ar an teilifís agus sna scannáin? Seo do sheans le scileanna aisteoireachta a fhoghlaim! Is í an 'múinteoir' a bheidh agat ná Róisín Fox, aisteoir clúiteach a bhfuil a comhlacht féin aici anois, '*Starmaker Inc.*' Teastaíonn Gaeilge líofa ó dhaoine chun páirt a ghlacadh sa chlár seo.

1. Tá duine féinfhostaithe le feiceáil sa chlár seo.
   A. Cúpla Focal ☐ *B. Punt sa Sparán* ☐ *C. Ar an Stáitse* ☐

2. Seo clár do dhaoine nach bhfuil líofa sa Ghaeilge.
   A. Cúpla Focal ☐ *B. Punt sa Sparán* ☐ *C. Ar an Stáitse* ☐

3. Bíonn an clár seo le feiceáil faoi dhó gach seachtain.
   A. Cúpla Focal ☐ *B. Punt sa Sparán* ☐ *C. Ar an Stáitse* ☐

4. Tá mac léinn le feiceáil sa chlár seo.
   A. Cúpla Focal ☐ *B. Punt sa Sparán* ☐ *C. Ar an Stáitse* ☐

5. Beidh an clár seo ar siúl ar feadh míosa.
   A. Cúpla Focal ☐ *B. Punt sa Sparán* ☐ *C. Ar an Stáitse* ☐

6. Is féidir ceisteanna a chur ar lucht an chláir seo.
   A. Cúpla Focal ☐ *B. Punt sa Sparán* ☐ *C. Ar an Stáitse* ☐

4 *Léigh an sliocht thíos. Ansin, léigh na ráitis agus cuir tic le A, B nó C i ngach cás.* ☐ / 12 marc

CÚRSA SCRÍBHNEOIREACHTA
Le Lorcán Ó Tuathail

Inniu, nuair a théann daoine ar laethanta saoire, ní bhíonn siad ag iarraidh luí ar an trá ar feadh an lae, ná a bheith ag ól agus ag ithe an t-am ar fad. B'fhearr leo dul ag siúl sléibhe, nó scil nua a fhoghlaim, mar shampla teanga nó péintéireacht nó gléas ceoil. Chuaigh mise ar chúrsa scríbhneoireachta le linn shaoire na Cásca. Ba é Muiris Mac Meanmain an múinteoir a bhí againn. Tá clú ar Mhuiris mar scríbhneoir Béarla ach deir sé liom go bhfuil sé ag obair ar a chéad leabhar Gaeilge faoi láthair.

D'iarr sé orainn píosa éigin a bhí scríofa againn a chur sa phost chuige roimh an gcúrsa. Ba chuma leis cad é a bhí ann – scéal nó filíocht nó amhrán – rud ar bith fad is gur scríobhamar féin é. Anois, tá na mílte píosa scríofa agam don nuachtán seo ó thosaigh mé ag obair leis, ach tá difríocht mhór idir sin agus an 'litríocht'. Níor scríobh mé riamh ach scéal amháin – do m'iníon bheag féin. Bhí orm é a chumadh. Bíonn sí ag iarraidh orm scéal a insint di gach oíche, agus tá gach leabhar sa leabharlann léite aici!

Bhí mé an-neirbhíseach, mar sin, nuair a bhí orm mo scéal a léamh amach. Bhí beirt bhan ann a bhí ag gáire agus ag caint nuair a bhí mé ag léamh! Shíl mé go raibh sin an-drochmhúinte. Ach, nuair a bhí an scéal thart, dúirt Muiris go raibh sé "ar fheabhas." Bhain mé an-sásamh as sin, agus, gach lá ó shin, caithim cúpla uair an chloig ag scríobh.

1. Taitníonn cineál nua laethanta saoire le daoine anois.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

2. Is i mBéarla amháin a bhí leabhair Mhuiris go dtí seo.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

3. Ní raibh Muiris ag iarraidh orthu aon phíosa as dráma a chur chuige.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

4. Is iriseoir é Lorcán.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

5. Thaitin scéal Lorcáin go mór lena iníon.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

6. Bhí gach duine sa chúrsa deas cairdiúil.
   A. Fíor ☐ B. Bréagach ☐ C. Ní deirtear ☐

5

*Léigh an script thíos. Cuir **FOCAL AMHÁIN** atá oiriúnach i ngach ceann de na bearnaí.*

/ 12 marc

Casann Diarmaid agus Máirín le chéile ag cóisir.

Diarmaid: Gabh mo leithscéal. Nach bhfuil aithne agam ort ó áit éigin?
Máirín: Ba chóir go mbeadh. _____**(1)** mé leat ag cóisir na Nollag anuraidh.
Diarmaid: Is ea! Ach, tá brón orm, ní _____**(2)** liom d'ainm.
Máirín: Máirín. Máirín Ní Bhriain. Agus ná bí buartha. Bhí go leor _____**(3)** ann an oíche sin. Ní féidir cuimhneamh ar gach aon duine.
Diarmaid: Cad é sin? Ní chloisim thú go rómhaith. Tá an ceol beagáinín _____**(4)**
Máirín: Tá go deimhin! Agus tá mise ag éirí _____**(5)** i mo sheasamh anseo. Féach, tá bord thall in aice na fuinneoige. Beidh sé deas ciúin do 'sheandaoine' cosúil linne.
Diarmaid: Go breá! An bhfuil tú ag iarraidh bia ar bith a thabhairt leat?
Máirín: Níl _____**(6)** dá laghad orm, go raibh maith agat. Ach ba bhreá liom gloine fíona.
Diarmaid: Dearg nó _____**(7)**?
Máirín: Dearg, le do thoil.

Suíonn Máirín síos. Tagann Diarmaid agus gloine fíona aige.

Máirín: Nach bhfuil deoch agat féin?
Diarmaid: Níl. Tá an carr liom, agus ní ólaim in aon chor agus mé ag _____**(8)**.
Máirín: Tá tú cosúil le m'fhear féin, mar sin.
Diarmaid: Ó, tá tú pósta?
Máirín: Bhuel, bhí. Fuair m'fhear céile _____**(9)** sé bliana ó shin, beannacht leis.
Diarmaid: Ó, d'inis tú sin dom roimhe. Nach mise an t-amadán! Gabh mo leithscéal, a Mháirín.
Máirín: Ná habair 'gabh mo leithscéal' arís, maith an fear. Ach abair liom, an fear pósta tú féin?
Diarmaid: Tá mé _____**(10)**, ach réitím go maith le Bríd i gcónaí, sin an bhean a raibh mé pósta léi. Caithfimid smaoineamh ar na páistí, an dtuigeann tú.
Máirín: Cá mhéad páistí atá agat?
Diarmaid: _____**(11)** cailíní: Róisín, Sarah agus Aoife. Féach, tá _____**(12)** agam díobh anseo i mo sparán.

Scríbhneoireacht

15% den scrúdú: (34 marc)

1 *Abair gur tusa Áine Ní Laoi. Scríobh píosa fút féin sa spás ar an chéad leathanach eile. Bain úsáid as an eolas atá sna pictiúir. Is leor 1-2 abairt faoi gach pictiúr.*

☐ /12 marc

Áine Ní Laoi

Dearthair/deirfiúr

Aois: 20

Cónaí

Obair

Caitheamh aimsire

Caitheamh aimsire

Áine Ní Laoi is ainm dom _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

2 Feiceann tú an fógra thíos i nuachtán. Léigh na treoracha thíos. /12 marc

Is maith le do chara Ruairí ceol clasaiceach:
Scríobh teachtaireacht ríomhphoist chuige:

(1) Tabhair cuireadh dó dul chuig an cheolchoirm leat.
(2) Tabhair ***gach eolas*** dó faoin cheolchoirm.

Óstán na Páirce
Ceolchoirm: Ceol clasaiceach
Dé Máirt 2 Iúil 8.30
Ticéid: €25

A Ruairí, a chara,
Tá súil agam go bhfuil tú go maith. Tá a fhios agam go bhfuil suim _____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Cuir scéal ar ais chugam go luath mar beidh orm na ticéid a cheannach go luath.
Slán go fóill,
Aodán.

3 *Líon na bearnaí sa ríomhphost thíos. Scríobh FOCAL AMHÁIN i ngach bearna.* ☐ /10 marc

A Shíle, conas tá tú?

Tá an t-ádh leat agus tú i do _____ (1) faoin tuath. Tá mé tinn tuirseach de shaol na cathrach. Tosaím ag obair gach lá ar a naoi ach bíonn orm an teach a _____ (2) ar leathuair tar éis a seacht mar bíonn an trácht ar an M50 go dona. Ba mhaith liom dul ar thraein nó ar bhus ach níl aon traein _____ (3) Dún Laoghaire agus Tamhlacht. Tá rothar agam ach tá sé an-dainséarach bheith ag rothaíocht ar na príomhbhóithre. An _____ (4) seo chugainn tá mé chun post nua a lorg áit éigin taobh _____ (5) den chathair!

Tá brón orm bheith ag gearán mar seo. Beidh an _____ (6) ríomhphost eile níos fearr. Ar _____ (7) tú go raibh mac ag Clíona le déanaí? Tá sé go hálainn – tá súile deasa donna _____(8), díreach cosúil le Clíona í féin. Tá súil agam go bhfuil tú féin agus na páistí go maith. _____ (9)le Seán go bhfaca mé ar an teilifís é aréir. Bhí sé an-mhaith, mar is gnách. _____ (10) mé sibh ag an seisiún ag an deireadh seachtaine.

Slán go fóill,
Máire